An Ghaeilge i dTeach Laighin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi stádas na Gaeilge sa pholaitíocht. Déan féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge a fháil do na focail/na téarmaí seo thíos.

fluent Irish _____

leaders _____

the main political parties _____

commentator _____

recognition _____

a central part _____

society _____

appointed _____

his duration/era _____

to encourage _____

to inspire _____

aims _____

the debate _____

the official language _____

benefit _____

Iarr ar an teagascóir cuidiú libh focal ar bith nach bhfuil ar eolas agaibh a fháil.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois agus scríobh i gcúpla abairt cad é ábhar na míre. Labhair leis an duine in aice leat le feiceáil cad a scríobh sé/sí. Bain úsáid as na focail thuas le cuidiú leat.

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Deir tráchtairí gur ré nua é ó thaobh aitheantais don teanga, cén fáth?

2. Cén páirtí polaitíochta a bhfuil an méad is lú cainteoirí Gaeilge aige?

3. Cad atá le rá ag:

   Brian Cowen
   Tomás Ó Ceallaigh

4. Cad é an dóchas atá ag Grett O'Connor ag deireadh na tuairisce?

Ceist 4 (a) Bhí a lán samplaí den uimhir iolra sa tuairisc. Éist leis an tuairisc arís agus breac síos na samplaí ar fad a chloiseann tú.

(b) 'stair *fhada chraoltóireachta*'

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar '**fada**' agus ar '**craoltóireachta**'?

Ceist 5 (a) Cén chanúint atá ag Grett O'Connor agus ag Tomás Ó Ceallaigh.

(b) Cén leagan a bhí acu ar na focail seo thíos:

dáiríre faoi seo: _____
i nGaeilge: _____
sin: _____
an áit ina bhfuil mé: _____

(c) Cén leagan atá agat féin?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

Cén tábhacht a bhaineann le Gaeilge a bheith ag ceannairí na tíre?
An síleann tú go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre sa Dáil choíche?
Ar cheart go mbeadh an Ghaeilge éigeantach sa chóras scolaíochta?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

fluent Irish	*Gaeilge líofa*
leaders	*ceannairí*
the main political parties	*na príomhpháirtithe polaitíochta*
commentator	*tráchtaire*
recognition	*aitheantas*
a central part	*cuid lárnach*
society	*sochaí*
appointed	*ceaptha*
his duration/era	*a ré*
to encourage	*a spreagadh*
to inspire	*a ghríosú*
aims	*cuspóirí*
the debate	*an díospóireacht*
the official language	*an teanga oifigiúil*
benefit	*leas*

Ceist 2
Achoimre ghairid ar an tuairisc atá i gceist anseo, seans atá ann do na foghlaimeoirí buntuiscint ghinearálta a fháil.

Ceist 3

1. Don chéad uair i stair na tíre tá Gaeilge líofa ag ceannairí na bpríomhpháirtithe polaitíochta ar fad anois.
2. Fine Gael - Níl ach cúigear Gaeilgeoirí as caoga a haon ag Fine Gael.
3. Brian Cowen: Ba mhaith leis stádas na teanga a ardú agus sochaí na tíre a spreagadh agus a ghríosú chun cuspóirí ár sinsear a bhaint amach.
   Tomás Ó Ceallaigh: Deir sé má tá polaiteoirí dáiríre mar gheall air an Ghaeilge go gcaithfidh siad rudaí tábhachtacha a rá i nGaeilge. Agus gur tharla sé sin le linn cheisteanna ar an Taoiseach, nó ar cheannaire an rialtais, agus gur chuir daoine suim ann dá bharr sin.
4. Má tá mórcheannairí an stáit ábalta Gaeilge a labhairt b'fhéidir go mbainfear leas aisti mar theanga oibre i dTithe an Oireachtais.

Ceist 4

(a) ceannairí
príomhpháirtithe
Teachtaí Dála (teachtaithe)
tráchtairí
cuspóirí
comhghleacaithe
Gaeilgeoirí
rudaí
ceisteanna
daoine
mórcheannairí

(b) Tá an focal ***stair*** baininscneach.

Ceist 5

(a) Canúint na Mumhan

(b) dáiríre faoi seo: *dáiríre mar gheall air*
i nGaeilge: *i nGaolainn*
sin: *san*
an áit ina bhfuil mé: *an áit ina bhfuilim*

(c) Tabhair seans dóibh machnamh a dhéanamh ar an leagan atá acu féin anois.

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola
Don chéad uair i stair na tíre tá Gaeilge líofa ag ceannairí na bpríomhpháirtithe polaitíochta ar fad anois. Cé nach labhraíonn ach níos lú ná an cúigiú cuid de na Teachtaí Dála Gaeilge líofa, deir tráchtairí gur ré nua é seo ó thaobh aitheantais don teanga mar chuid lárnach dár sochaí. Seo í Grett O'Connor.

Grett O'Connor
Sa chéad óráid a thug Brian Cowen tar éis dó a bheith ceaptha mar cheannaire ar Fhianna Fáil thug sé le fios go mbeadh blas Gaelach ar a ré mar Thaoiseach.

Brian Cowen
Is é atá á mholadh agam ná stádas na teanga a ardú agus sochaí na tíre a spreagadh agus a ghríosú chun cuspóirí ár sinsear a bhaint amach.

Grett O'Connor
Tá an Ghaeilge ar a thoil ag ceannaire Pháirtí an Lucht Oibre Éamonn Gilmore chomh maith. Agus labhraíonn ceannaire Fhine Gael, Enda Kenny, an Ghaeilge go rialta. Ach níl a lán dá gcomhghleacaithe i dTeach Laighin ábalta iad a fhreagairt. Seachtó seacht Teachta Dála atá ag Fianna Fáil, níl Gaeilge líofa ach ag cúigear déag acu, sin fiche faoin gcéad. Tá fiche faoin gcéad de Theachtaí* an Lucht Oibre in ann Gaeilge a labhairt freisin. Cúigear as fiche. Níl ach cúigear Gaeilgeoirí as caoga a haon ag Fine Gael.

Tomás Ó Ceallaigh, Léachtóir le Cumarsáid GMIT
Má tá siad dáiríre mar gheall air caithfidh siad rudaí tábhachtacha a rá i nGaolainn. Agus, is dóigh liom gur léiríodh é sin an tseachtain seo caite nuair a bhí an díospóireacht idir Brian Cowen agus Enda Kenny, gur tharla sé le linn cheisteanna ar an Taoiseach, nó ar cheannaire an rialtais, agus gur chuir daoine suim ann dá bharr sin.

Grett O'Connor
Tá an Ghaeilge ina teanga oifigiúil againn ó bunaíodh an stáit agus ina teanga oifigiúil san Aontas Eorpach ó thus na bliana seo caite. Mar is léir ón áit ina bhfuilim i mo sheasamh tá stair fhada chraoltóireachta ag an nGaolainn ach anois ós rud é go bhfuil triúr de mhórcheannairí polaitíochta an stáit in ann í a labhairt b'fhéidir go gearr go mbainfear leas aisti mar theanga oibre i dTithe an Oireachtais. Grett O'Connor, Nuacht TG4, i mBaile na hAbhann, i gContae na Gaillimhe.

* *teachtaithe* a deirtear